# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/385 ÓN gCOIMISIÚN

## an 7 Márta 2022

**lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/421 maidir le tintiúr a dhíorthaítear ó *Artemisia vulgaris* L. (tintiúr liathlusa) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/485 maidir le bláthola sinséir ó *Zingiber officinale* Roscoe a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, maidir le hoiléaroisín sinséir ó *Zingiber officinale* Roscoe a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, béaróg, turcaithe lena ramhrú, banbh, muc lena ramhrú, cránacha muice, ba déiríochta, laonna feola (bainne púdrach), eallaigh lena ramhrú, caorach, gabhar, capall, coiníní, iasc agus peataí agus maidir le tintiúr sinséir ó *Zingiber officinale* Roscoe a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh capall agus madraí agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/551 maidir le húsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh capall agus madraí**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/421 ón gCoimisiún ([2]), údaraíodh tintiúr a dhíorthaítear ó *Artemisia vulgaris* L. (tintiúr liathlusa) a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch ar feadh tréimhse 10 mbliana.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/485 ón gCoimisiún ([3]), údaraíodh bláthola sinséir ó *Zingiber officinale* Roscoe a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, oiléaroisín sinséir ó *Zingiber officinale* Roscoe a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, béaróg, turcaithe lena ramhrú, banbh, muc lena ramhrú, cránacha muice, ba déiríochta, laonna feola (bainne púdrach), eallaigh lena ramhrú, caorach, gabhar, capall, coiníní, iasc agus peataí agus tintiúr sinséir ó *Zingiber officinale* Roscoe a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh capall agus madraí ar feadh tréimhse 10 mbliana.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/551 ón gCoimisiún ([4]), údaraíodh úsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a úsáid mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh capall agus madraí ar feadh tréimhse 10 mbliana.

(4) Sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/421, (AE) 2021/485 agus (AE) 2021/551, cuireadh isteach foráil mhícheart maidir le lipéadú an uascheana a mholtar i gcás substaintí gníomhacha i réamh-mheascáin sa cholún "Forálacha eile". Níor cheart feidhm a bheith ag an bhforáil sin ach amháin maidir leis na breiseáin féin.

---

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/421 ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 maidir le tintiúr a dhíorthaítear ó *Artemisia vulgaris* L. (tintiúr liathlusa) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 83, 10.3.2021, lch. 21).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/485 ón gCoimisiún an 22 Márta 2021 maidir le bláthola sinséir ó *Zingiber officinale* Roscoe a údarú mar bhreiseáin beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch, maidir le hoiléaroisín sinséir ó Zingiber officinale Roscoe a údarú le haghaidh sicíní lena ramhrú, béaróga, turcaithe lena ramhrú, banbh, muc lena ramhrú, cránacha muice, ba déiríochta, laonna feola (bainne púdrach), eallaigh lena ramhrú, caorach, gabhar, capall, coiníní, iasc agus peataí agus maidir le tintiúr sinséir ó *Zingiber officinale* Roscoe a údarú le haghaidh capall agus madraí (IO L 100, 23.3.2021, lch. 3).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/551 ón gCoimisiún an 30 Márta 2021 maidir le húsc tuirmirice, ola thuirmirice, oiléaroisín tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch agus tintiúr tuirmirice ó riosóm *Curcuma longa* L. mar bhreiseán beathaithe le haghaidh capall agus madraí (IO L 111, 31.3.2021, lch. 3).

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/421, (AE) 2021/485 agus (AE) 2021/551 a cheartú dá réir. Ar mhaithe le soiléireacht, is iomchuí an Iarscríbhinn a ghabhann leis na Rialacháin Cur Chun Feidhme sin a ionadú ina hiomláine.

(6) Chun go bhféadfaidh oibreoirí gnólachtaí beatha lipéadú na mbreiseán agus na beatha ainmhithe a bhfuil na breiseáin iontu a oiriúnú do théarmaí ceartaithe an údaraithe, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse i dtaca leis na táirgí sin a chur ar an margadh.

(7) Chun ionchais dhlisteanacha na bpáirtithe leasmhara a chaomhnú maidir le téarmaí údaraithe na mbreiseán sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirfear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/421.

*Airteagal 2*

Cuirfear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/485.

*Airteagal 3*

Cuirfear Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/551.

*Airteagal 4*

Na substaintí a shonraítear in Iarscríbhinn I, Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III agus réamh-mheascáin a bhfuil na substaintí sin iontu agus a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 9 Meán Fómhair 2022 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 9 Márta 2022, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh go dtí go mbeidh na stoic atá ann cheana ídithe.

*Airteagal 5*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 7 Márta 2022.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN I*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Aois uasta | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha.** | | | | | | | | | |
| **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | | |
| 2b72-t | - | Tintiúr liathlusa | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br><br>Tintiúr a tháirgtear le codanna sofheicthe ilroinnte den *Artemisia vulgaris* L.<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br><br>Tintiúr a tháirgtear le codanna sofheicthe ilroinnte den *Artemisia vulgaris* L trí eastóscadh fadaithe le meascán d'uisce/eatánól mar a shainmhínítear ag Comhairle na hEorpa ([1]).<br>Is mar seo leanas atá sonraíochtaí na substainte gníomhaí:<br>Ábhar tirim: 1,4-1,9 %<br>Luaith: 0,2-0,5 %<br>An codán orgánach: 1,13-1,65 %, dá bhfuil<br>— Cion iomlán na bpolaifeanól: 0,05-0,2 %<br>— Aigéid fheanólacha 0,02-0,11 %<br>— Aigéad clóraigineach: 0,0028-0,0136 %<br>— α- agus β-tújón: < 0,005 %<br>— 1,8-cineaól: 0,005 %<br>— Tuaslagóir (eatánól): 98,1-98,6 % | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:<br>"Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %: 400 mg/kg".<br>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.<br>5. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ion- | 30.3.2031 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Uimhir Chomhairle na hEorpa: 72<br><br>Foirm leachtach<br><br>*Modh anailíse* (2)<br><br>Maidir le tréithriú an bhreiseáin beathaithe (Tintiúr liathlusa):<br><br>— an modh meá-mhéadrach chun an caillteanas mar gheall ar thriomú agus an cion luatha a dhearbhú<br>— an modh speictreafótaiméadrach chun cion iomlán na bpolaifeanól a dhearbhú<br>— modh crómatagrafaíochta caolchisil ardfheidhmíochta (HPTLC) chun cion iomlán na n-aigéad feanólach a dhearbhú, chomh maith le haigéad clóraigineach, alfa-tújón agus béite-tújón agus eoclaptól. | | | | | análú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní. | |

(1) *Natural sources of flavourings — Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)].
(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

*IARSCRÍBHINN II*

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Aois uasta | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha.** | | | | | | | | | |
| **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | | |
| 2b489--eo | - | Bláthola sinséir | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br><br>Bláthola arna díorthú le driogadh gaile ó riosóim triomaithe *Zingiber officinale* Roscoe.<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br><br>Bláthola arna díorthú le driogadh gaile ó riosóim triomaithe *Zingiber officinale* Roscoe mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ([1]).<br>— α-zinibéiréin: 29-40 %<br>— ß-seiscfeileindréin: 8-14 %<br>— ar-curcaiméin: 5-12 %<br>— α-fearnaiséin: 4-10 %<br>— caimféin: 2-10 %<br>— β-biosabailéin: 2-9 %<br>Uimhir CAS: 8007-08-7<br>Uimhir Einecs: 283-634-2<br>Uimhir FEMA: 2522<br>Uimhir Chomhairle na hEorpa: 489<br><br>Foirm leachtach<br><br>*Modh anailíseach* ([2]) | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:<br>"Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %:<br>— laonna feola (bainne púdrach): 80 mg;<br>— speicis eile nó catagóirí ainmhithe: 20 mg".<br>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamh-mheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis. | 12.4.2031 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Chun alfa-zingiberene, béite-sesquiphellandrene agus ar-curcumene sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú:<br><br>— Crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le mais-speictriméadracht (GC-MS) (modh scanta iomláin) ag baint úsáid as modh-eolaíocht Thréimhse Choinneála Glasáilte (nó substaintí caighdeánacha na marcóirí fíticheimiceacha) le crómatagrafaíocht gháis (nó gan crómatagrafaíocht gháis) cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) bunaithe ar mhodh caighdeánach ISO 11024. | | | | | 5. Ní cheadófar bláthola sinséir a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó *Zingiber officinale* Roscoe in ábhair bheatha.<br>6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní. | |

([1]) *Natural sources of flavourings — Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)]

([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Aois uasta | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |

**Catagóir: Breiseáin chéadfacha.**

**Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe**

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 2b489--or | - | Oiléaroisín sinséir | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Oiléaroisín sinséir a fhaightear trí dhriogadh gaile agus eastóscadh leachta riosóim triomaithe *Zingiber officinale* Roscoe. | Sicíní lena ramhrú<br><br>Béaróga | - | - | - | 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. | 12.4.2031 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | *Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Oiléaroisín sinséir a fhaightear trí dhriogadh gaile agus eastóscadh leachta riosóm triomaithe *Zingiber officinale* Roscoe mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ([1]).<br>Bláthola: 25-30 (w/w)<br>Iomlán na ngingerol: 0,5-8 % (w/w)<br>— 6-Gingéaról<br>— 8-Gingéaról<br>— 10-Gingéaról<br>Iomlán na Shogaol: 3-6 % (w/w)<br>— 6-Seogáól<br>— 8-Seogáól<br>Bogthaise agus nithe so-ghalaithe: 25-30 (w/w)<br>Uimhir Chomhairle na hEorpa: 489<br>Foirm leachtach<br>*Modh anailíse* ([2])<br>Chun na marcóirí fíticheimiceacha a chainníochtú: iomlán na ngingerol agus iomlán na shogaol sa bhreiseán beathaithe (oiléaroisín sinséir):<br>— Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta (HPLC) ina bhfuil brath speictreafótaiméadrachta (UV) – ISO 13685 | Turcaithe lena ramhrú<br>Bainbh<br>Muca lena ramhrú<br>Cránacha muice<br>Ba déiríochta<br>Laonna feola (bainne púdrach)<br>Eallaí lena ramhrú<br>Caoirigh agus gabhair<br>Capaill<br>Coiníní<br>Éisc<br>Peataí | | | | 3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:<br>"Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % agus le haghaidh bainne púdrach ina bhfuil cion taise 5,5 %:<br>— sicíní lena ramhrú: 5 mg;<br>— béaróga agus coiníní: 7 mg;<br>— turcaithe lena ramhrú: 6 mg;<br>— bainbh: 8 mg;<br>— muca lena ramhrú: 10 mg;<br>— cránacha muice: 13 mg;<br>— ba déiríochta: 12 mg;<br>— laonna feola (bainne púdrach): 21 mg;<br>— eallaí lena ramhrú: 19 mg;<br>— caoirigh, gabhair, capaill agus éisc: 20 mg;<br>— peataí: 1 mg".<br>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamhmheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.<br>5. Ní cheadófar oiléaroisín sinséir a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó *Zingiber officinale* Roscoe in ábhair bheatha. | |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | 6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní. | |

([1]) *Natural sources of flavourings — Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)]

([2]) 2 Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Aois uasta | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha.** | | | | | | | | | |
| **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | | |
| 2b489-t | - | Tintiúr sinséir | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br>Tintiúr sinséir a fhaightear trí eastóscadh riosóm meilte triomaithe *Zingiber officinale* Roscoe agus leas á bhaint as meascán eatánóil/uisce.<br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Faightear tintiúr sinséir trí eastóscadh riosóm meilte triomaithe *Zingiber officinale* Roscoe agus leas á bhaint as meascán eatánóil/uisce mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ([1]). | Capaill<br>Madraí | - | - | - | 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú: | 12.4.2031 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Tuaslagóir (eatánól/uisce, 90/10): 97-98 % (w/w)<br>Ábhar tirim: 2-3 % (w/w)<br>Iomlán na ngingerol: 0,14-0,11 % (w/w)<br>— 6-Gingéaról<br>— 8-Gingéaról<br>— 10-Gingéaról<br>Iomlán na Shogaol: 0,043-0,031 % (w/w)<br>— 6 Seogáól<br>— 8-Seogáól<br><br>*Modh anailíse* ([2])<br><br>Chun na marcóirí fíticheimiceacha a chainníochtú: Iomlán na ngingerol agus iomlán na shogaol sa bhreiseán beathaithe (tintiúr sinséir):<br>— Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta (HPLC) ina bhfuil brath speictreafótaiméadrachta (UV) – ISO 13685 | | | | | "Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %:<br>— Capaill 1,58 mL<br>— Madraí 1,81 mL".<br>4. I gcás ina sárófaí an leibhéal dá dtagraítear i bpointe 3 mar thoradh ar an leibhéal úsáide atá ar lipéad an réamhmheascáin, sonrófar ar an lipéad sin na nithe seo a leanas: an feidhmghrúpa, an uimhir aitheantais, an t-ainm agus cion na substainte gníomhaí a cuireadh leis.<br>5. Ní cheadófar tintiúr sinséir a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó *Zingiber officinale* Roscoe in ábhair bheatha.<br>6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní. | |

([1]) *Natural sources of flavourings — Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)]
([2]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

IARSCRÍBHINN III

| Uimhir aithean-tais an bhrei-seáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Aois uasta | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha.** | | | | | | | | | |
| **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | | |
| 2b163--eo | - | Bláthola thuirmirice | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br><br>Bláthola arna díorthú trí ghaldriogadh riosóim thriomaithe *Curcuma longa* L.<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Bláthola díorthaithe trí ghaldriogadh riosóim thriomaithe *Curcuma longa* L. mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa (1):<br>— ar-Turmarón: 40-60 %<br>— ß-Turmarón (curlón): 5-15 %<br>— ar-Curcaiméin: 3-6 %<br>— ß-Seiscfeileandréin: 3-6 %<br>— a-Zinibéiréin: 1-5 %<br>— (E)-Atlantón: 2-4 %<br>Uimhir CAS: 8024-37-1 (2)<br>Uimhir Einecs: 283-882-1[1]<br>Uimhir FEMA: 3085[1]<br>Uimhir Chomhairle na hEorpa: 163<br><br>Foirm leachtach<br><br>*Modh anailíseach* (3) | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:<br>"Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % nó bainne púdrach ina bhfuil cion taise 5,5 %:<br>— gach speiceas ainmhí seachas laonna laofheola: 20 mg<br>— laonna laofheola: 80 mg (bainne púdrach)".<br>4. Léireofar feidhmghrúpa, uimhir aith-eantais, ainm agus cainníocht na subst-ainte gníomhaí ar lipéad an réamh-mheascáin, i gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán a shonraítear i bpointe 3. | 20.4.2031 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Chun na marcóirí fíticheimiceacha a chainníochtú: ar-turmarón agus béite-turmarón sa bhreiseán beathaithe (ola thuirmirice):<br>— Crómatagrafaíocht gháis atá cúpláilte le mais-speictriméadracht (GC-MS) (modh scanta iomláin) trí úsáid a bhaint as modheolaíocht na Tréimhse Coinneála Glasáilte (RTL) (nó substaintí caighdeánacha na marcóirí fíticheimiceacha) agus le (nó gan) crómatagrafaíocht gháis cúpláilte le brath ianúcháin lasrach (GC-FID) bunaithe ar mhodh caighdeánach ISO 11024 | | | | | 5. Ní cheadófar bláthola thuirmirice a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó *Curcuma longa* L. in ábhair bheatha.<br>6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní. | |
| 2b163--or | - | Oiléaroisín tuirmirice | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br><br>Oiléaroisín a fhaightear trí eastóscadh tuaslagóirí riosóim thriomaithe *Curcuma longa* L.<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br><br>Oiléaroisín a fhaightear trí eastóscadh tuaslagóirí riosóim thriomaithe *Curcuma longa* L. mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa ([4]).<br>Bláthola: 30-33 % (w/w)<br>Iomlán na gcúcamánóideach: 20-35 % (w/w)<br>— Curcaimín (I): 16-21 % (w/w)<br>— Dísmeatocsachurcaimín (II): 4-6 % (w/w)<br>— Bios-dísmeatocsachurcaimín (III): 3-5 % (w/w).<br>Bogthaise: 12-30 % (w/w) | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:<br>"Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %:<br>— Cearca agus béaróga: 30 mg<br>— Speicis eile ainmhí: 5 mg". | 20.4.2031 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | *Modh anailíse* (5)<br>Chun an marcóir fíticheimiceach (iomlán na gcúcamánóideach) sa bhreiseán beatha (oiléaroisín tuirmirice) a chainníochtú:<br>— Speictreafótaiméadracht – Coimre Chomhcheangailte FAO JECFA maidir le Sonraíochtaí Breiseán Bia, “Oiléaroisín tuirmirice”, monagraf Uimh. 1 (2006) | | | | | 4. Léireofar feidhmghrúpa, uimhir aitheantais, ainm agus cainníocht na substainte gníomhaí ar lipéad an réamhmheascáin, i gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán a shonraítear i bpointe 3.<br>5. Ní cheadófar oiléaroisín tuirmirice a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó *Curcuma longa* L. in ábhair bheatha.<br>6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d’fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní. | |
| 2b163--ex | - | Úsc tuirmirice | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br><br>Úsc riosóim thriomaithe *Curcuma longa* L. trí úsáid a bhaint as tuaslagóirí orgánacha.<br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br>Úsc riosóim thriomaithe *Curcuma longa* L. trí úsáid a bhaint as tuaslagóirí orgánacha mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa (6).<br>Iomlán na gcurcaimínóideach: ≥ 90 % (w/w)<br>— Curcaimín (I): 74-79 % (w/w)<br>— Dísmeatocsachurcaimín (II): 15-19 % (w/w) | Gach speiceas ainmhíoch | - | - | - | 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:<br>“Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d’ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % nó bainne púdrach ina bhfuil | 20.4.2031 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | — Bios-dísmeatocsachurcaimín (III): 2-5 % (w/w)<br>Uisce: 0,30-1,7 % (w/w)<br>Uimhir Einecs: 283-882-1[4]<br>Uimhir FEMA: 3086[4]<br>Uimhir CAS: 8024-37-1[4]<br>Uimhir Chomhairle na hEorpa: 163<br>Foirm sholadach (púdar)<br>*Modh anailíse* (7)<br>Chun an marcóir fíticheimiceach (iomlán na gcúcamánóideach) sa bhreiseán beatha (úsc tuirmirice) a chainníochtú:<br>— Speictreafótaiméadracht — Coimre Chomhcheangailte FAO JECFA maidir le Sonraíochtaí Breiseán Bia, "Curcaimín", monagraf Uimh. 1 (2006) | | | | | cion taise 5,5 %: gach speiceas agus laonna laofheola (bainne púdrach): 15 mg".<br>4. Léireofar feidhmghrúpa, uimhir aitheantais, ainm agus cainníocht na substainte gníomhaí ar lipéad an réamhmheascáin, i gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán a shonraítear i bpointe 3.<br>5. Ní cheadófar úsc tuirmirice a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó *Curcuma longa* L. in ábhair bheatha.<br>6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní. | |

(1) *Natural sources of flavourings — Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)]
(2) Tá baint ag an aitheantóir céanna go neamh-idirdhealaitheach le húisc agus díorthaigh de chineálacha éagsúla ó *Curcuma longa* amhail bláthola thuirmirice, úsc tuirmirice agus tintiúr tuirmirice.
(3) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports
(4) *Natural sources of flavourings — Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)]
(5) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports
(6) *Natural sources of flavourings — Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)]
(7) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports

| Uimhir aitheantais an bhreiseáin | Ainm shealbhóir an údaraithe | Breiseán | Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse. | Speiceas nó catagóir ainmhí | Aois uasta | Íoschion | Uaschion | Forálacha eile | Deireadh na tréimhse údaraithe |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | mL de shubstaint ghníomhach/kg de bheatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 % | | | |
| **Catagóir: Breiseáin chéadfacha.** | | | | | | | | | |
| **Feidhmghrúpa: Comhdhúile blaistithe** | | | | | | | | | |
| 2b163-t | - | Tintiúr tuirmirice | *Comhdhéanamh an bhreiseáin*<br><br>Tintiúr a tháirgtear trí úscadh riosóm triomaithe *Curcuma longa* L. trí úsáid a bhaint as meascán uisce/eatánóil (55/45 % v/v).<br><br>*Tréithriú na substainte gníomhaí*<br><br>Tintiúr a tháirgtear trí úscadh riosóm triomaithe *Curcuma longa*L. trí úsáid a bhaint as meascán uisce/eatánóil (55/45 % v/v), mar atá sainithe ag Comhairle na hEorpa (1).<br><br>Feanóil (mar choibhéis d'aigéad gálach):<br>1 000-1 500 µg/mL<br>Iomlán na gcúcamánóideach (2) (mar churcaimín): 0,04 go 0,09 % (w/v)<br>Curcaimín (I): 83-182 µg/mL<br>Dísmeatocsachurcaimín (II):<br>80–175 µg/mL<br>Bios-dísmeatocsachurcaimín (III): 139-224 µg/mL<br>Bláthola: 1 176-1 537 µg/mL<br>Ábhar tirim: 2,62–3,18 % (w/w)<br>Tuaslagóir (uisce/eatánól, 55/45): 96-97,5 % (w/w)<br><br>Uimhir CoE:163<br><br>Foirm leachtach | Capaill<br><br>Madraí | - | - | - | 1. Ionchorprófar an breiseán sa bheatha i bhfoirm réamh-mheascáin.<br>2. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú.<br>3. Ar lipéad an bhreiseáin, déanfar an méid seo a leanas a shonrú:<br>"Uaschion molta na substainte gníomhaí in aghaidh an chileagraim d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %:<br>— capaill: 0,75 mL;<br>— madraí: 0,05 mL".<br>4. Léireofar feidhmghrúpa, uimhir aitheantais, ainm agus cainníocht na substainte gníomhaí ar lipéad an réamh-mheascáin, i gcás ina sárófar cion na substainte gníomhaí in ábhar beatha iomlán a shonraítear i bpointe 3.<br>5. Ní cheadófar tintiúr tuirmirice a mheascadh le breiseáin údaraithe eile a fhaightear ó *Curcuma longa* L. in ábhair bheatha. | 20.4.2031 |

| | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | *Modh anailíse* ([3])<br><br>Chun an marcóir fíticheimiceach (iomlán na gcúcamánóideach) sa bhreiseán beatha a chainníochtú<br>(tintiúr tuirmirice):<br>— Speictreafótaiméadracht (bunaithe ar mhonagraf de chuid Pharmacopoeia Eorpach “Tuirmiric Iáivise” (01/2008:1441)) | | | | | 6. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beathaithe nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d’fhéadfadh eascairt as ionanálú, as teagmháil dheirmeach nó as teagmháil leis na súile. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú nó a laghdú a oiread is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análú, spéaclaí sábháilteachta agus lámhainní. | |

([1]) *Natural sources of flavourings — Report No 2 (2007)* [Foinsí nádúrtha blastán — Tuarascáil Uimh. 2 (2007)]
([2]) Arna chinneadh le speictreafótaiméadracht mar dhíorthaigh meatáin dicineamóil
([3]) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse ar fáil ag an seoladh seo a leanas sa tSaotharlann Tagartha: https://ec.europa.eu/jrc/en/eurl/feed-additives/evaluation-reports